Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025

# Scoileanna Caitliceacha: Beo i gCríost

## 19–25 Eanáir 2025

## Rang 5 agus 6/P7



# Snáithaonaid– Leibhéal 4

## AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

### Rúndiamhair Dé

- Gearrann Críostaithe fíor na croise orthu féin in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh
- Is é Dia an cruthaitheoir agus ár nAthair grámhar (Gein 1:26-7).
- Is é Dia an mhaith (Salm 116:1).
- Aithníonn agus gránn Dia muid (Salm 139).
- Is é Dia mo chara.

### Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Is é saol an pharóiste é aire a thabhairt dá chéile, roinnt agus guí a dhéanamh (*CCC*, 2179; *Revised Core Syllabus for Religious Education* [*CSRE*], 2a).
- Is é an séipéal áit speisialta ina gcruinníonn na Críostaithe lena chéile le guí a dhéanamh.
- Cabhraíonn an teaghlach linn a bheith cairdiúil le hÍosa.
- Cabhraíonn an sagart/múinteoir linn a bheith cairdiúil le hÍosa. (*Lumen Gentium* [*LG*], 10).

## BRIATHAR DÉ

### An Scrioptúr Naofa

- Lúcás 15:11-32
- Marcas 3:13-14

## LIOTÚIRGE & URNAÍ

### Urnaí

- Glaonn Dia chun urnaí muid agus tugaimid freagairt (*Gaudium et Spes*, 18; CCC, 2567).
- Éisteann Dia i gcónaí lenár nguí
- Is é an séipéal teach Dé, cruinníonn a mhuintir lena chéile ann (*CCC*, 1180; *LG*, 6; 1 Tim 3:15).
- Cruinníonn muintir Dé lena chéile sa séipéal le guí agus le ceiliúradh a dhéanamh (*CCC*, 1069–71, 2179).
- Áit naofa é an séipéal. Téann daoine ann le guí agus le labhairt le Dia ann (*CCC*, 1181).

## AN MHORÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

### Dínit an Duine

- Gránn Dia an uile dhuine againn (Iar 31:3; 1 Eoin 4:10- 11; *CSRE*, 3a).
- Is duine uathúil mise toisc gur chruthaigh Dia mé (*CCC*, 1004; Gein 1:26-7; Ps 137:14).
- Iarrtar orm Dia agus an duine eile a ghrá (Matha 22:36-40).
- Is seoid gach duine aonair i súile Dé (*CCC*, 225, 356–61, 369, 1604, 1700–1, 1944–6, 2319, 2334; *CSRE*, 3a).

# An Luan: Saol Iomlán Beo i Measc Phobal na gCarad

### Smaoinigh

Baineann gach aon duine le comhluadar áirithe, agus is aoibhinn le cách cairde a bheith acu. Is féidir linn bheith mar bhaill de na foirne is na cumainn spóirt.



Iarrtar orainn a bheith cneasta lena chéile, cabhrú lena chéile, a bheith fáilteach, cuimsitheach, aire a thabhairt don duine eile. Spreagaimid a chéile mar bhaill an chomhluadair, saol iomlán beo a chaitheamh. Déanaimid a leithéid i gcomhar lena chéile, ag tacú agus ag tabhairt aire dá chéile inár smaointe, i mbriathra, i ngníomhartha.

Déanaimid an grá atá ag Dia don uile dhuine againn a cheiliúradh inniu, agus an bealach inar chruthaigh sé mar dhaoine speisialta uathúla muid. Cuireadh anseo muid le comhoibriú lena chéile le barr foirfeachta a sroicheadh inár saol.

### Fiosraigh

Meabhraigh do na daltaí gur ceart go mbeadh gach aon duine sona sásta ar scoil. Iarr orthu samplaí a thabhairt den chara dílis. Bíonn sé deacair do dhaoine áirithe cairdeas a dhéanamh. Tugann Íosa dea-shampla dúinn maidir le bheith mar chara dílis don duine eile.

Múineann scéal Zacháias dúinn conas mar a d'aithin Íosa an mhaith a bhain le duine áirithe, bíodh is nár thaitin sé le daoine eile toisc gur chaith sé go holc le daoine eile. Insítear an scéal mar dhráma (*Jesus*), ar YouTube ag: https://www.youtube.com/watch?v=R59GTcEnR2U.

Pléigh leis an rang na fáthanna nár thaitin Zacháias le daoine eile, na fáthanna nár bhreathnaíodar air mar chara dílis, agus conas mar a thug Íosa cuireadh dó teacht chun bualadh leis.


Ní dhéanann cuid daoine cairdeas go héasca, agus bíonn siad ar an imeall dá bharr. Má theastaíonn uainn cairdeas dílis a dhéanamh le daoine eile, cad atá le foghlaim againn ó Íosa maidir leis an mbealach ceart le déileáil leo? Conas a léirímid sa scoil Chaitliceach, na tréithe a bhaineann le cairdeas dílis?

### Gníomhaíocht

Líon na bileoga oibre seo maidir le scéal Zacháias.

# Buaileann Zacháias le hÍosa

Cabhraigh le Zacháias teacht anuas ón gcrann le bualadh le hÍosa



# An Mháirt:
# Saol Iomlán Beo i Measc Phobal an Chreidimh

**Smaoinigh**
Is cuid de chomhluadar an chreidimh í an scoil Chaitliceach. Baineann gach scoil le pobal ar a dtugtar paróiste. Baineann gach paróiste le comhthionól paróistí ar a dtugtar deoise, agus bíonn easpag i gceannas ar an deoise. Baineann séipéil leis na paróistí, agus ar an Satharn is an Domhnach, tagann baill an pharóiste lena chéile leis an Aifreann a cheiliúradh. Maireann sagairt áirithe sa pharóiste féin, agus tagann sagairt ó áiteanna eile uaireanta, leis an Aifreann a cheiliúradh ann.



Cén t-eolas atá againn, agus cad is féidir a fhoghlaim faoi shaol an pharóiste inniu? Cad is ainm don sagart paróisteach, agus don easpag?

**Fiosraigh**
Bain úsáid as Google Maps, le do scoil Chaitliceach a aimsiú air. Má tá suíomh idirlín ag an deoise, cén t-eolas atá ansin faoi do pharóiste féin?

Bain úsáid as Google Maps, leis an séipéal áitiúil agus an reilig a aimsiú, agus teach an tsagairt pharóistigh, más ann dó.

Déan ransú smaointe leis na páistí maidir leis an eolas tábhachtach atá ar fáil faoin bparóiste (ainm an pharóiste, méid scoileanna, aois an tséipéil, 7rl). Bíodh seicliosta sa seomra ranga maidir leis an bparóiste agus an t-eolas a bheadh ag teastáil uaibh faoi.

**Gníomhaíocht**
Má bhíonn ríomhairí glúine ar fáil, spreag na daltaí le taighde a dhéanamh i mbeirteanna maidir leis an bparóiste is an deoise; líon na bparóistí sa deoise, ainm an easpaig, cé hiad éarlaimh an pharóiste is an deoise, nó is féidir an clár bán idirghníomhach a úsáid le taighde a dhéanamh faoin bparóiste agus faoin deoise.

Tabhair cuireadh don sagart áitiúil cuairt a thabhairt oraibh agus ceistigh é faoin obair a dhéanann sé sa pharóiste. Noda mar seo: Cé chomh fada is atá tú sa pharóiste? Cad iad na tascanna seachtainiúla a dhéanann an sagart? Cén fáth gur paróiste suimiúil é seo?

Is féidir leis na daltaí indibhidiúla bileog eolais a líonadh maidir le sonraí an pharóiste, ag tabhairt le fios go mbaineann tábhacht nach beag leis an scoil mar chuid de chomhluadar an chreidimh.

# An Chéadaoin: Saol Iomlán Beo i Measc na Muintire

**Smaoinigh**

Foghlaimímid i rith na seachtaine seo mar gheall ar Chríost a bheith beo i measc phobal na scoileanna Caitliceacha. Is cuid ar leith dár muintir iad na seantuismitheoirí, agus cabhraíonn siad linn, saol iomlán beo a chaitheamh. Ar an gCéadaoin i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha déanaimid na seantuismitheoirí a cheiliúradh, agus cuimhnímid ar an ról tábhachtach atá acu inár saol féin. Cothaíonn siad muid, tacaíonn siad linn, molann siad agus spreagann siad an tallann atá ionainn, agus cuireann siad an creideamh ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Nuair a ghráimid na seantuismitheoirí, nuair a bhíonn siad measúil againn, nuair a thugaimid aire dóibh agus don ionchur atá acu inár saol, bímid beo i gCríost.



**Fiosraigh**

Is grásta ó Dhia inár saol iad na seantuismitheoirí. Deir an Pápa Proinsias linn, gur taisce chuimhne iad na seantuismitheoirí, ó thaobh an teaghlaigh, ó thaobh na tíre, ó thaobh an chreidimh de, mar is iadsan a chuireann an t-eolas ar aghaidh chugainne. 'Iarraim oraibh: An labhraíonn sibh leis na seantuismitheoirí? An iarrann sibh orthu; 'A Mhamó, a Dhaideo, conas mar a bhí na cúrsaí seo? Conas a déantar a leithéid seo? Cad é an nós a bhí agaibhse? Iarr orthu! Is foinse na heagna iad, tá cuimhní saoil acu, tá taithí an chreidimh acu'. (Gluaiseacht Eocairisteach na nÓg, 7 Lúnasa 2015). Is grásta ó Dhia inár saol iad na seantuismitheoirí. Tugann siad aire, grá agus tacaíocht dúinn. Bíonn rath orainn dá bharr, bíonn deis againn saol iomlán beo a chaitheamh, agus maireachtáil de réir phlean Dé dúinn.

Ceistigh na daltaí: Cad a fhoghlaimíonn sibh ó na seantuismitheoirí? Pléifidh na páistí an cheist sin i bpéirí nó i ngrúpaí beaga. Scríobh na torthaí ar an gclár bán, agus samplaí de na focail a chuireann na seantuismitheoirí in iúl dóibh.

Iarr ar na daltaí an ghuí seo a dhéanamh ar son na seantuismitheoirí, guí atá bunaithe ar theagasc an Phápa Proinsias:

A Mhamó is a Dhaideo
Go mbeannaí an Tiarna Íosa Críost sibh agus a ghrásta
a bhronnadh oraibh. Gabhaimid buíochas asaibh agus as
an tíolacadh leanúnach a bhronnann tú orainn agus ar
ár muintir, agus ar an bpobal anseo.
Guímid go gcabhróidh grásta Dé libh a bheith sláintiúil
láidir agus sibh ag leanúint ar aistear an tsaoil.
Leanaigí ar aghaidh ag baint taitnimh as an mbeatha, as an obair, as an urnaí.
Go mba chuimhní sona bhur gcuid cuimhní, agus go mbainfidh sibh an fhís don todhchaí amach.
Athaontófar amach anseo i Ríocht Dé muid,
trí Chríost ár dTiarna. Amen.

Nóta

Tabhair aire anseo má bhítear ag déileáil le páistí ar cailleadh seantuismitheoir leo, nó faoi dhaltaí nach mbíonn i dteagmháil leis na seantuismitheoirí ar chor ar bith. Is féidir le rang ar bith na gníomhartha thíos a chomhlíonadh ag leibhéal a oireann dóibh. Roghnaigh na gníomhaíochtaí atá oiriúnach don rang.

**Gníomhaíocht**
Roghnaigh cuid de na gníomhaíochtaí thíos a dhéanfaidh sibh le Lá na Seantuismitheoirí a cheiliúradh.

*Portráid de Mhamó agus/nó de Dhaideo in éineacht liom*
Spreag na daltaí le portráid a tharraingt díobh féin leis na seantuismitheoirí, agus taitneamh á bhaint acu as an saol in éineacht lena chéile.

*Cárta Buíochais*
Spreag na daltaí le cárta buíochais a chruthú a leagann béim ar an tionchar deimhneach a bhíonn ag na seantuismitheoirí ar a saol. Is féidir an cárta a bhronnadh, nó é a chur tríd an bpost más gá.

*Cuimhne Speisialta*
Spreag na páistí le cuntas a scríobh ar an uair inar roinn na seantuismitheoirí rud áirithe speisialta leo. Nuair a bhíonn an tuairisc scríofa acu, is féidir é a roinnt leis na seantuismitheoirí.

*Guí*
Iarr ar na daltaí paidir bhuíochais a scríobh ar mhaithe leis na seantuismitheoirí.

*Tionscadal*
Déan nasc le curaclam staire an OSIE agus spreag na daltaí le taighde a dhéanamh agus cuntas a scríobh ar shaol na seantuismitheoirí. Ba mhaith an rud é, iad a chur faoi agallamh más féidir. Mura féidir labhairt go díreach leis na seantuismitheoirí, d'fhéadfadh na páistí labhairt lena gcuid tuismitheoirí féin, le gaolta nó le cairde le scéal bheatha na seantuismitheoirí a fháil. Cuir grianghraif leis an tionscadal a léiríonn an óige, an pósadh, iad lena muintir, leis an bpáiste seo, más ann dóibh. Is féidir póstaer a chruthú a dhéanann an t-ionchur ar leith a bhí ag na seantuismitheoirí i saol an pháiste agus i saol an teaghlaigh a cheiliúradh.



# An Déardaoin: Saol Iomlán Beo ar Son agus i Measc Chách



### Smaoinigh

Bíonn grá gan teorainn ag Dia don uile dhuine againn. Cruthaíodh muid le grá a thabhairt agus le glacadh le grá chomh maith, toisc gur de scáil ghrá Dé muid. Múintear dúinn sa scoil Chaitliceach conas comhoibriú lena chéile agus an domhan á fheabhsú againn. Nuair nach mbainimid amach an caighdeán maitheasa atá ionainn, inár smaointe, i mbriathra, i ngníomhartha, tuigimid mar sin féin go sáraíonn grá Dé ár gcuid meancóg.

### Fiosraigh

Breathnaigh ar an ngearrthóg as *The Chosen* ina dtugann Íosa ceacht faoin gcaora caillte, dá lucht leanúna: https://www.youtube.com/watch?v=koTyshmoa7M.

Pléigh an bealach ina mbíonn grá Dé chomh mór sin go mbíonn ríméad air nuair a fhilleann an duine ar ais chuige. Is cuma cén aicme lena mbainimid, cén cúlra, nó eitneachas a bhaineann linn, cuirfidh Dia fáilte ar ais romhainn toisc gur seoda luachmhara muid mar chuid de chlann Dé.

Léigh an sliocht seo ó Naomh Lúcás 15:11-32.

> *Parabal an Athar Ghrámhair*
> Bhí fear ann a raibh beirt mhac aige. Agus dúirt an duine ab óige acu lena athair: ‘A athair, tabhair dom an chuid den sealúchas atá ag titim chugam.’ Agus roinn sé a mhaoin shaolta eatarthu. Agus i gcionn beagán laethanta, tar éis don mhac ab óige gach ní a bhailiú le chéile, d’imigh sé ar an gcoigríoch go tír i gcéin, agus scaip a shealúchas ansiúd, ag tabhairt a shaoil go drabhlásach.
>
> Nuair a bhí gach aon ní caite aige, tháinig gorta millteach sa tír sin, agus thosaigh sé féin bheith in uireasa. D’imigh sé agus rinne fostú le duine de mhuintir na tíre sin, agus chuir seisean faoina chuid talún é ag aoireacht mhuc. Agus ba é ba mhian leis a bholg a líonadh de na féithleoga a d’itheadh na muca, agus ní thugadh aon duine dó iad. Ach tháinig sé chuige féin agus dúirt: ‘Cá liacht de lucht tuarastail ag m’athair a bhfuil fuílleach aráin acu, agus mise anseo ag fáil bháis den ghorta! Cuirfidh mé chun bóthair agus rachaidh mé chun m’athar agus déarfaidh mé leis: A athair, pheacaigh mé in aghaidh na bhflaitheas agus i do láthairse; ní fiú mé feasta go dtabharfaí mac duit orm; déan díom mar a bheadh duine de do lucht tuarastail.’

Chuir sé chun bóthair ag triall ar a athair. Ach le linn dó fós bheith i bhfad uaidh, chonaic a athair é agus ghabh trua é, agus rith sé chuige, á chaitheamh féin ar a bhráid agus á mhúchadh le póga. Dúirt an mac leis: 'A athair, pheacaigh mé in aghaidh na bhflaitheas agus i do láthairse; ní fiú mé feasta go dtabharfaí mac duit orm.' Ach dúirt an t athair lena sheirbhísigh: 'Beirigí amach gan mhoill an éide is uaisle agus cuirigí air í, agus cuirigí fáinne ar a mhéar agus cuaráin ar a chosa, agus tugaigí libh an lao biata agus maraígí é, agus bímis ag ithe agus ag aoibhneas; óir bhí an mac seo agam marbh agus tá sé beo arís, bhí sé caillte agus fuarthas é.' Agus thosaigh siad ag déanamh aoibhnis.

"Bhí an mac ba shine aige ar fud na talún, agus nuair a tháinig sé i ngar don teach, chuala an ceol agus an rince. Ghlaoigh sé chuige duine de na giollaí agus d'fhiafraigh de cad é an rud é seo a bhí ar bun. Dúirt seisean leis: 'Do dhearthháir a bheith tagtha, agus mharaigh d'athair an lao biata de chionn go bhfuair sé ar ais slán é.'

Ach bhí fearg air agus níorbh áil leis dul isteach. Tháinig a athair amach ag achainí air. Ach dúirt sé lena athair á fhreagairt: 'Féach féin a bhfuilim de bhlianta ag seirbhís duit agus ní dheachaigh mé riamh thar do réir, agus riamh níor thug tú dom meannán gabhair chun go ndéanfainn aoibhneas le mo chairde. Ach an mac seo agat nuair a tháinig sé, tar éis do mhaoin shaolta a ídiú le striapacha, mharaigh tú an lao biata dó.' Ach dúirt sé leis: 'A mhic, bíonn tusa liom i gcónaí, agus gach a bhfuil agam is leat; ach bhí sé ceart aoibhneas a dhéanamh agus áthas, óir bhí an deartháir seo agat marbh agus tá sé beo arís, bhí sé caillte agus fuarthas é.'

Pléigh leis an rang an teachtaireacht atá sa sliocht seo. Déan plé ach go háirithe ar an maithiúnas a léirigh an t-athair i leith an mhic a bhí tar éis filleadh ar an mbaile.

### Gníomhaíocht

Bain úsáid as an mbileog oibre thíos. Iarr ar na páistí a gcuid scéalta féin a scríobh, a bheadh bunaithe ar Pharabal an Athar Ghrámhair, ag cur an teachtaireacht a bhaineann leis in oiriúint do shaol an lae inniu.

Mar mhalairt ar a leithéid, iarr ar na páistí plé a dhéanamh i bpéirí nó i ngrúpaí beaga ar an mbrí a bhaineann le 'Tá brón orm' a rá, agus ar na hamanna éagsúla inar gá a leithéid a dhéanamh. Is féidir na cásanna thíos a phlé agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an uair cheart le cathú a bheith orainn, agus cén fáth.

| | | |
|---|---|---|
| Nuair nach n-insíonn tú an fhírinne do do thuismitheoirí, nó do do chara. | Nuair a bhíonn argóint agat leis an duine eile. | Nuair a choinníonn tú duine éigin amach as an imirt. |
| Nuair a bhriseann tú an gealltanas a thug tú do dhuine eile. | Nuair a bhíonn tú drochbhéasach, nó rudaí gránna a rá le duine eile. | Nuair a bhíonn fearg ort agus gortaíonn tú duine atá in éineacht leat. |

Scríobh do leagan féin de Pharabal an Athar Ghrámhair. Tá noda ar fáil sa phleanálaí scéil thíos.

| | |
|---|---|
| Suíomh<br>(Cá hÁit) | |
| Carachtair<br>(Cé hIad) | |
| Príomh-phlota/<br>Ceist<br>(Cad a Tharla) | |
| Freagairt<br>ó na<br>Carachtair Eile<br>(Cad é an Deireadh) | |
| Brí an Scéil<br>(An Fáth go<br>mBaineann<br>Tábhacht leis) | |
| Cosúlachtaí<br>idir do Scéal Féin<br>agus Parabal<br>an Athar<br>Ghrámhair | |
| Éagsúlachtaí<br>idir do Scéal Féin<br>agus<br>Parabal an<br>Athar Ghrámhair | |

# An Aoine: Saol Iomlán Beo ar Son an Leasa Choitinn

## Smaoinigh

Bíonn go leor le foghlaim againn sa scoil Chaitliceach. Cabhraíonn na múinteoirí is na SNAanna linn saol feabhsaithe a chaitheamh, agus na buanna atá againn a thabhairt chun foirfeachta. Iarrann Críost orainn gan an tallann a úsáid ar ár son féin amháin, ach é a úsáid le Ríocht Dé ar domhan a thógáil. Bímid beo i gCríost nuair a bhímid ag comhoibriú lena chéile leis an saol a dhéanamh cóir agus cuimsitheach. Iarrtar orainn leas an duine eile a chur chun cinn, agus nuair a dhéanaimid a leithéid, bíonn rath orainne chomh maith. Cé go bhfuil géarchéim aeráide ann, is féidir leis an scoil Chaitliceach a bheith mar ionad ina gcuirtear ar ár súile dúinn, gur féidir linn athrú a chur ar domhan, agus cur leis an leas coiteann.



## Fiosraigh

Cuir na ráitis ar an gcéad leathanach eile (lth. 12) ar an gclár bán. Iarr ar na daltaí na ráitis éagsúla a phlé i ngrúpaí beaga, nó i mbeirteanna.

Nuair a bhíonn sé sin déanta, scríobh 'An Leas Coiteann' ar an gclár ban agus pléigh brí an téarma. Pléigh an dualgas atá orainn mar bhaill den scoil Chaitliceach, an rud is fearr a dhéanamh i gcónaí, ar son an phobail ina iomláine. Ní thugaimid aire dúinn féin amháin, ná dár gcairde amháin, ach tugaimid aire do na daoine ar an imeall, dóibh siúd atá uaigneach, nó gortaithe, chomh maith. Múineann Íosa dúinn conas aire a thabhairt don aicme sin, agus conas áit inár saol a thabhairt dóibh, toisc gur de chlann Dé an uile dhuine againn. Is dá bharr sin a bheadh an scoil Chaitliceach mar phobal ina mbíonn Críost beo ann. Is é sin an leas coiteann.

## Gníomhaíocht

Iarr ar na daltaí póstaer a chruthú a léireoidh na bealaí inar féidir linn an leas coiteann a chur chun cinn ar scoil, sa bhaile agus sa pharóiste.

In ionad obair baile scríofa a thabhairt dóibh, iarr ar na daltaí dea-ghníomh – nach ndéanann siad de ghnáth - a dhéanamh, a léireoidh cineáltas don duine sa bhaile. Nuair a dhéanaimid an dea-ghníomh cineálta, cuirimid leis an leas coiteann, trí na buanna atá againn a chur ar fáil don duine eile.

# Ráitis

Tá sé tuillte ag cách cara a bheith acu.

Táimse níos tábhachtaí ná aon duine eile.

Ba cheart domsa aire a thabhairt don timpeallacht.

Níl aon bhaint agamsa le daoine i dtíortha eile a bhíonn ag fulaingt.

Ní bhaineann an t-athrú aeráide liomsa.

Is maith an smaoineamh é, rud deas a dhéanamh don duine eile.

Labhraíonn an Pápa Proinsias faoi 'cultúr caiteach' sa litir *Laudato Si'*. Cad is ciall leis sin?

Labhraíonn an Pápa Proinsias faoi 'áit chónaithe coiteann'. Cad atá i gceist aige?